**Polasaí Príobháideachais Shonraí Pearsanta**

**Ginearálta**
Tá Gaelscoil Dara tiománta do phróiseál sonraí pearsanta uile de réir An Rialacháin Ghinearálta Maidir le Cosaint Sonraí (Aontas Eorpach) (2016/679) (GDPR as seo amach), Dlíthe na hÉireann Maidir le Cosaint Sonraí Pearsanta agus aon dlíthe ábharta eile a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta agus le cóid iompartha (tabharfar '**na dlíthe maidir le cosaint sonraí** orthu as seo amach.')

**Cé muid féin?**
Is bunscoil lán-Ghaeilge í Gaelscoil Dara atá suite i gCathair na Gaillimhe.

**Céard é Polasaí Príobháideachais Sonraí Pearsanta agus cén tábhacht a bhaineann leis?**

Is fíorthábhachtach linn bhur gcuid príobháideachais a chosaint. Is mar sin a leagamar amach sa Pholasaí Príobháideachais Shonraí Pearsanta seo, an chaoi a gcaitheann Gaelscoil Dara le sonraí pearsanta ár gcuid ball agus ár gcuid úsáideoirí; agus an chaoi a gcaitheann eagraíochtaí triú páirtí a bhaineann le Gaelscoil Dara trínár suíomh, trínár mbunachar sonraí, trínár ngléasanna, trínár bhfeidhmchláir ghutháin phóca agus trínár nuachtlitreacha idirlín leis na sonraí pearsanta seo.
Léitear an ráiteas seo go cúramach mar sin le tuiscint a fháil ar dhearcthaí agus ar chleachtais Gaelscoil Dara i leith sonraí pearsanta.
Nuair a roinntear sonraí pearsanta linne nó nuair a bhailimid sonraí pearsanta fúibh, bainimid úsáid as de réir an Pholasaí Phríobháideachais seo. Má bhíonn aon cheist agaibh nó aon ábhar is cúram daoibh faoin bPolasaí Príobháideachais seo, tá fáilte romhaibh teagmháil a dhéanamh linn ar eolas@gaelscoildara.ie

Déantar athbhreithniú rialta ar an bpolasaí seo. Seiceáiltear an leathanach seo chun an tuairisc is déanaí a fháil.
Más gá dúinn bhur gcuid sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach nua, ní dhéanfaimid é sin ach tar éis dúinn Measúnú Thionchair Phríobháideachais Sonraí a dhéanamh ar dtús.

**Cén sórt Sonraí Pearsanta a bhailímid uaibh agus cén chaoi a n-úsáidimid iad?**

Ta bailiú sonraí pearsanta riachtanach do bhainistiú scoile agus do chúram agus oideachas a chur ar fáil do bhur gcuid páistí, agus mar sin tá bearta agus rialúchán ar leith curtha i bhfeidhm againn lena chinntiú go gcomhlíonaimid na coinníollacha atá leagtha amach sna dlíthe i leith cosaint shonraí phearsanta.

Ní mór do Ghaelscoil Dara fáth dlíthiúil a bheith aige le sonraí pearsanta a bhailiú agus a úsáid. Mínítear na fáthanna seo thíos:

**Gníomhaíochtaí Dleathacha agus Leasanna Dleathacha Ghaelscoil Dara**

Bainimid úsáid as bhur gcuid sonraí pearsanta dár ngíomhaíochtaí dleathacha agus dár leasanna dleathacha mar a mhínítear thíos. Tá an ceart agaibh gearán a dhéanamh leis an bpróiseáil seo am ar bith:

- Chun gnáthghníomhaíochtaí na scoile a chur i bhfeidhm.
- Chun feabhas a chur lenár gcumarsáid libhse mar thuismitheoirí/ mar chaomhnóirí.

**Ag Teastáil d'Fheidhmiú Chonartha**

Ní mór dúinn a bheith in ann sonraí pearsanta a bhailiú uaibh agus a úsáid chun a bheith inann:
- Teagmháil a dhéanamh i gcás éigeandála.

- Eolas tábhachtach faoi imeachtaí scoile a chur chugaibh
- Tuairiscí a sheoladh chugaibh maidir le dul chun cinn bhur gclainne

**Ag Teastáil de réir an Dlí**

Bainimid úsáid as bhur gcuid sonraí pearsanta le cloígh leis na dlíthe agus leis na rialacháin ábhartha, mar shampla:

- Tuarascáil a dhéanamh do na húdaráis chuí
- Gearáin a bhainistiú agus a fhiosrú

**Le bhur gCead**

Ní mór daoibh bhur gcead a thabhairt dúinn le sonraí pearsanta a bhailiú agus le húsáid a bhaint astu i gcásanna ar leith. Tugtar an rogha daoibh cead a thabhairt bhur gcuid sonraí a bhailiú nó gan iad a bhailiú. Míneoimid céard atá ag teastáil agus cén chaoi a bhféadfadh sibh bhur n-intinn a athrú sa todhchaí.

**Cén sonraí pearsanta a mbailimid?**

Seo a leanas na sonraí pearsanta a bhailítear fúibh féin agus faoi bhur gclann:

- Ainm;
- dáta breithe;
- sonraí teagmhála;
- ainmneacha agus sonraí teagmhála feighlí leanaí nó duine eile ainmnithe i gcás éigeandála *(in loco parentis)*
- uimhir PPS;
- uimhir ghutháin;
- Seoladh Ríomhphoist;
- Seoladh baile;
- Uimhir ghutháin oibre;
- eolas leighis maidir le bhur bpáiste
- torthaí scrúduithe ranga agus caighdeánaithe nuair is cuí
- creideamh
- náisiúntacht
- grúpa eitneach

**An chaoi a úsáidimid bhur gcuid sonraí pearsanta?**

- Seo thíos an úsáid a bhainfidh Gaelscoil Dara as na sonraí pearsanta a bhailimid:
- Riarachán taobh istigh den scoil féin;
- Riarachán taobh istigh den Roinn Oideachais agus Scileanna (POD/ Aladdin)
- Téacsanna agus ríomhphoist ó ríomhphost na scoile;
- Bhur gcuid ceisteanna a fhreagairt agus a bhainistiú;
- Nuachtlitir Chumann na dTuismitheoirí a sheoladh chugaibh;
- Ár nuachtlitir féin agus aon eolas ábhatha eile a sheoladh chugaibh.

- **Toiliú agus an chaoi le toil a tharraingt siar**

Má phróisimid bhur gcuid sonraí le bhur dtoil, tá an ceart agaibh an toil sin a tharraingt siar pé uair is mian libh. Más mian libh bhur dtoil a tharraingt siar níos déanaí, déanaigí teagmháil, le bhur dtoil, leis an scoil trí ríomhphost ar eolas@gaelscoildara.ie nó trí ghlaoch gutháin ar **091-757145**

**Cén chaoi agus cé as a bhfaighimid bhur gcuid sonraí pearsanta?**

Faighimid bhur gcuid sonraí pearsanta go díreach uaibh féin nuair a chomhlánaíonn sibh foirmeacha iontrála nó cáipéisí eile scoile (Duilíní Ceada, mar shampla), nuair a chuireann sibh glaoch orainn nó ríomhphost chugainn.
Ní dhéanaimid taifead ar chlosáin ghlaonna gutháin, ach d'fhéadfadh taifead a bheith againn ar an uair a ghlaodh, ar fhad an ghlaoigh, ar an té lenar labhraíodh agus ar ábhar an ghlaoigh.

Cé atá in ann teacht ar bhur gcuid sonraí pearsanta?
Mar a luadh thuas, tá Gaelscoil Dara tiománta do chosaint phríobháideachais bhur gcuid sonraí pearsanta, agus do phróiseáil na sonraí céanna de réir na ndlithe i leith chosaint sonraí pearsanta. Is fiú a luadh nach ndíolfaimid bhur gcuid sonraí pearsanta.

**D'fhéadfadh An Roinn Oideachais agus Scileanna agus POD agus Aladdin bhur gcuid Sonraí Pearsanta a phróiseáil chomh maith.**
Bíonn idirghníomhaíocht againn le triú páirtithe iontaofa le taifead a dhéanamh ar thinreamh agus ar eolas ábhartha eile a bhaineann le bhur gcuid páistí agus le treochta sa Chóras Oideachais.

**D'fhéadfaimid bhur gcuid sonraí pearsanta a nochtú do thriú páirtithe chomh maith**
D'fhéadfadh Gaelscoil Dara faisnéis a nochtadh má chuireann an dlí oibleagáid orainn; is é sin le rá, nuair a chreidtear de mheon macánta go dteastaíonn sé ón dlí nó le cearta dleathacha Ghaelscoil Dara a chosaint.
I gcásanna eile, d'fhéadfaimid bhur gcuid sonraí a nochtadh le bhur gcead nó le cead an dlí.

**Cén fhad a choinnímid bhur gcuid sonraí pearsanta?**
Braithfidh sé seo ar nádúr na sonraí ar leith. Mar shampla:

- An fheidhm a bhaineann le coinneáil bhur gcuid sonraí;
- Ár gcuid oibleagáidí dleathacha agus rialacháin maidir leis na sonraí pearsanta sin; agus
- Aon iarratas ar leith uaibh féin maidir le scrios bhur gcuid sonraí pearsanta.

Nuair nach mbeidh gá againn bhur gcuid sonraí a choinneáil a thuilleadh, scriosfar iad de réir na gcaighdeán is airde.

**An bhfuil bhur gcuid sonraí sábháilte?**
Tugann Gaelscoil Dara an-tábhacht do phríobháideachais shonraí pearsanta. Táimid tiománta chun bhur gcuid sonraí pearsanta a coinneáil sábháilte agus gach réamh-aire réasúnta a dhéanamh. Bainimid feidhm as bearta feiliúnacha eagraíochtúil chun bhur gcuid sonraí a choimeád sábháilte.
Déanaimid ár ndícheall i gcónaí bhur gcuid sonraí pearsanta a chosaint agus nuair a fhaighimid bhur gcuid sonraí pearsanta, bainimid úsáid as dian-nósanna imeachta agus as slándáil le rochtain neamhcheadaithe a sheachaint.
Ar an drochuair, ní féidir a ghealladh go bhfuil aon tarchur idirlín 100% sábháilte. Mar gheall air seo, bíodh go ndéanann Gaelscoil Dara sáriarracht eolas pearsanta ár gcuid Úsáideoirí a chosaint, ní féidir le Gaelscoil Dara sábháilteacht aon tarchur eolas idirlín a áirithiú nó a bharántú. Déanann Úsáideoirí é seo ar a bpriocal féin.

**Cén cearta atá agaibh féin?**
Tá na cearta a leanas agaibh maidir leis an eolas pearsanta atá againn oraibh:

- An ceart teacht ar na sonraí pearsanta atá againn oraibh;
- An ceart teacht ar eolas faoin gcaoi a bpróiseáiltear bhur gcuid sonraí;
- An ceart nuashonrú a dhéanamh ar aon eolas míchruinn nó as dáta atá againn oraibh;
- An ceart iarraidh orainn an t-eolas atá againn oraibh a scrios nuair nach bhfuil fáth dleathach ag Gaelscoil Dara é a choinneáil;

- An ceart bhur dtoiliú a tharraingt siar am ar bith i leith aon phróiseáil eolais atá bunaithe ar thoiliú;
- An ceart iarraidh orainn stop a chur le margaíocht dhíreach a chur chugaibh;
- An ceart srian a chur le próiseáil bhur gcuid sonraí pearsanta féin;
- An ceart inionmparthacht sonraí a bheith agaibh agus bhur gcuid sonraí a fháil i bhformáid structúrtha a úsáidtear go coitianta;
- An ceart gearán a dhéanamh le húdarás maoirseachta;

Chun na cearta seo a chur i bhfeidhm, déantar teagmháil le Gaelscoil Dara ar na sonraí teagmála thíos.

Cén chaoi is féidir bhur gcuid cearta féin a chur i bhfeidhm?
Má bhíonn aon cheist nó ábhar is cúram daoibh faoin gcaoi a gcathaimid le nó a n-úsáidimid bhur gcuid sonraí pearsanta, nó dá mba mhaith libh bhur gcuid cearta a chur i bhfeidhm de réir mar a luaitear thuas, tá fáilte romhaibh teagmháil a dhéanamh linn ar eolas@gaelscoildara.ie nó is féidir litir a sheoladh chuig:

An Bord Bainistíochta,
Gaelscoil Dara,
Br. Bhaile an Locháin,
An Rinn Mhór,
Gaillimh

Déanfaidh Gaelscoil Dara gach iarracht tabhairt faoi aon ábhar imní nó gearáin a bhaineann le sonraí pearsanta de bhur gcuid. Mar sin féin, is féidir bhur gcuid ceisteanna/ gearán a chur in iúil don Choimisinéir Cosanta Sonraí.

Coimisinéir Cosanta Sonraí - Poblacht na hÉireann
Canal House – Bóthar an Stáisiúin,
Cúl an tSúdaire
R32 AP23 Co. Laoise

Oifig Bhaile Átha Cliath
21 Cearnóg Fitzwilliam
Dublin 2 - DO2 RD28

Guthán: 057 8684800 / 0761 104 800
Ríomhphost: info@dataprotection.ie
Suíomh: https://dataprotection.ie

**Athraithe dár bPolasaí Príobháideachais**

D'fhéadfaimid athraithe a dhéanamh don Pholasaí Príobháideachais am ar bith. Nótálaigí, le bhur dtoil, mar sin, uimhir agus dáta an leagain ag bun an leathanaigh seo le feiceáil cén uair dheireanach a rinneadh aithbhreithniú air. Tiocfaidh aon athraithe don Pholasaí Príobháideachais seo i bhfeidhm nuair a chuirfimid an Polasaí Príobháideachais athbhreithnithe ar fáil ar nó tríd an Suíomh. Postáilfear aon athraithe a dhéanfar dár bPolasaí Príobháideachais ar an leathanach seo, agus, nuair is cuí, cuirfear ar an eolas sibh trí ríomhphost. Athsheiceáiligí go rialta, le bhur dtoil, chun aon nuashonrú nó athraithe dár bPolasaí Príobháideachais a fheiceáil.